



QQI

Quality and Qualifications Ireland
Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann

Plean Corparáideach **2018**

Clár

01

Réamhrá

02

Ár Misean, Fís agus Luachanna

03

Plean Corparáideach 2018 i gComhthéacs

04

Plean Corparáideach 2018

Réamhrá

Seo é an cúigiú plean corparáideach a d'fhoilsíomar ó bunaíodh an QQI i Samhain 2012 agus an plean deiridh a chuideoidh chun cuspóirí Ráiteas Straitéise 2016-2018 an QQI a chomhlíonadh.

Tá raon leathan feidhmeanna reachtacha agus eile maidir le cáilíochtaí agus dearbhú cáilíochta ag an QQI, agus gheofar sa phlean corparáideach seo léiriú ar an éagsúlacht sin. Mar sin féin, tá nasc idir na feidhmeanna seo uile sa mhéid is go ndíríonn siad uile ar dhearbhú cáilíocht soláthraithe agus na gcáilíochtaí a chuireann siad ar fáil; is é ár gcuspóir faisnéis agus cumarsáid ardchaighdeán maidir leis na feidhmeanna seo a sholáthar; agus is é mian an QQI cáilíocht na seirbhíse poiblí uaidh a fheabhsú i gcónaí. I dteannta a chéile, is iad seo na príomhchineálacha cur chuige is bonn le Ráiteas Straitéise 2016-2018 agus is orthu siúd a bhunófar na gníomhartha a chuirfear i gcrích gach bliain chun ár dtorthaí beartaithe a bhaint amach.

Cuireann an QQI béim mhór i gcónaí ar a thábhachtaí atá caidreamh na heagraíochta le ranna agus gníomhaireachtaí rialtais, le comhlachtaí gairmiúla agus rialála, agus le soláthraithe, institiúidí agus a gcomhlachtaí ionadacha. Táimid ag tnúth le dul i mbun oibre lenár ngeallsealbhóirí chun cuspóirí Phlean Corparáideach 2018 a bhaint amach agus chun ráiteas nua straitéise a fhoilsiú faoi lár 2018 a chlúdóidh an tréimhse 2019-21.

Ár Misean

Déanann an QQI breisiú ar cháilíocht a chur chun cinn i gcórais bhreisoideachais agus oiliúna agus i gcóras ardoideachais agus oiliúna na hÉireann agus dearbhaíonn sé cáilíocht soláthraithe.

Tacaíonn an QQI le córas cáilíochtaí atá ar leas foghlaimoirí agus geallsealbhóirí eile agus cuirimid an córas chun cinn.

Deiseanna ardchaighdeáin forleathana oideachais agus oiliúna a bhfuil meas orthu go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

A bheith dírithe ar fheabhsú

Is eagraíocht sinn atá ag foghlaim agus ag forbairt agus geallaimid caighdeán ár gcuid oibre a mheas agus a fheabhsú go leanúnach.

Is é sin an buntaca leis na cineálacha cur chuige atá againn i leith cáilíocht an oideachais agus na hoiliúna a dhearbhu agus a chur chun cinn.

Comhoibritheach

Téimid i gcomhar lenár ngeallsealbhóirí chun muintín a chothú indeiseanna oideachais agus oiliúna agus in aitheantas do cháilíochtaí agus chun na deiseanna sin agus an t-aitheantas sin a fheabhsú.

A bheith neamhspleách

Cé go n-oibrímid laistigh de chreat ginearálta bheartas an Rialtais, is eagraíocht neamhspleách sinn ó thaobh oibríochtaí, ó thaobh chomhlíonadh ár bhfeidhmeanna agus ó thaobh na cinnteoireachta. Cuirimid romhainn a bheith macánta, trédhearcach, cóir, cothrom, neamhchlaonta agus oibiachtúil.

A bheith gairmiúil

Caithimid le gach duine le meas, dínit agus cúirtéis. Comhlíonaimid na caighdeáin seirbhíse poiblí is airde maidir le bheith cuntasach, éifeachtach, freagrúil agus éifeachtúil.

A bheith foghlaimoír-lárnach

An cultúr a chuirimid chun cinn i gcúrsaí oideachais agus oiliúna agus i gcáilíochtaí, is cultúr rochtana, freagrúlachta, solúbthachta, iontaoibh agus cáilíochta é. Cuirimid an foghlaimoír i gceartlár obair na heagraíochta agus spreagaimid geallsealbhóirí chun déanamh amhlaidh.

Plean Corparáideach 2018 i gComhthéacs

An Marc Idirnáisiúnta Oideachais

Táimid i mbun pleanála do leasuithe ar an reachtaíocht ar an Marc Idirnáisiúnta Oideachais a mheasaimid a thiocfaidh i bhfeidhm sa tréimhse 2018-19. Meastar go mbeidh impleachtaí suntasacha ag na leasuithe seo ar nádúr agus raon ár gcuid oibre. Tá socrú á ndéanamh againn ionas go mbeimid lánnullamh chun na hathruithe a thiocfaidh astu a chur i bhfeidhm. I gceist anseo beidh dul i gcomhairle le geallsealbhóirí agus próisis nua a thabhairt isteach agus táimid ag tnúth le dul i mbun oibre le geallsealbhóirí chun ullmhú don reachtaíocht leasaithe.n.

Forbairt straitéise 2019–2021

In 2018, tabharfaimid faoi athbhreithniú ar spriocanna, cuspóirí straitéiseacha agus luachanna na heagraíochta agus muid ag beartú straitéis uailmhianach tharraingteach don tréimhse 2019-21. Déanaimid é sin ar shlí chuimsitheach agus féachfaimid sa phróiseas sin le sainiú a dhéanamh ar na difríochtaí a fheicfear i ndáil lenár soláthar seirbhíse seachtraí agus lenár gcultúr agus an tslí ina n-oibrímid le chéile. Dá réir sin, díreofar ar shlí straitéiseach ar mhórchuid de na saincheisteanna inmheánacha a thiocfaidh as an athbhreithniú eagraíochtúil agus ceardlanna inmheánacha.

Rannpháirtíocht geallsealbhóirí

Féachfaimid le caidreamh níos láidre fós a bhaint amach lenár ngeallsealbhóirí agus cliant trí chumas rannpháirtíochta geallsealbhóirí a neartú agus aiseolas neamhspleách córasach a fháil ar fheidhmíocht na heagraíochta. Beidh sé ríthábhachtach feachtas agus tuiscint ar a bhfuil bainte amach againn agus ar ár seasamh maidir le cáilíochtaí agus dearbhú cáilíochta a bhreisiú.

Imeachtaí agus ceardlanna

Anuraidh, sheol an stiúrthóireacht Dearbhaithe Cáilíochta sraith ceardlann oiliúna dóibh siúd a earcaíodh le bheith páirteach i bpainéil bailíochtaí don QQI. Leanfar de sin i 2018 nuair a chuirfear oiliúint ar fáil do bhaill reatha agus do bhaill nua painéil; beidh na ceardlanna ar siúl sa chéad ráithe. D'éirigh go maith leis na comhdhálacha mhúineadh an Bhéarla le dhá bhliain anuas agus i mbliana beimid ag imeacht beagán ón leagan amach sin chun sraith Seimineár Réigiúnach Mhúineadh an Bhéarla a óstáil a bheidh ina gcosán chuig an Marc Idirnáisiúnta Oideachais. Comhlánóidh sé sin na hullmhúcháin atá ar bun d'fhorbairt agus do chur i bhfeidhm an Mhairc.

Táimid ag tnúth le comhdháil idirnáisiúnta ar an Líonra Trasteorann um Dhearbhú Cáilíochta san Ardoideachas san Áise agus san Eoraip (CBQAN) a óstáil i mBaile Átha Cliath i mí na Nollag 2018. Líonra comhlachtaí dearbhaithe cáilíochta is ea an CBQAN de 13 thír Eorpach agus Áiseach atá ag gabháil d'oidreachas trasnáisiúnta. Féachtar ann le feabhas a chur ar chaighdeán an oideachais trasteorann, ardán cumarsáide agus comhair a thógáil agus soghluaisteacht mac léinn agus acadóirí a chur chun cinn. Beidh ionadaithe ó institiúidí ardoideachas atá ag gabháil d'oidreachas trasnáisiúnta san Eoraip agus san Áise agus beidh deis ann chun treochtaí a phlé agus cur síos a dhéanamh ar dhea-chleachtas i dtaca le dearbhú cáilíochta d'oidreachas trasnáisiúnta.

Plean Corparáideach 2018

Leagtar amach i Ráiteas Straitéise an QQI 2016-2018 spriocanna na heagraíochta go dtí 2018; na cineálacha cur chuige a ghlacfar i leith na spriocanna sin sa tréimhse trí bliana; agus na torthaí a bhainfear amach. Aicmítear iad faoi na ceannteidil ghinearálta seo: Cáilíochtaí, Dearbhú Cáilíochta, Cumarsáid agus Faisnéis agus Seirbhísí Ardchaighdeán a Sholáthar. Aithnítear i bPlean Corparáideach an QQI 2018 na cineálacha cur chuige a bheidh i réim i mbliana faoi na ceannteidil seo agus na spriocanna a mbainfear amach leo.

CÁILÍOCHTAÍ

Sprioc 1 I gcomhar le geallsealbhóirí, cinnteoidimid go n-úsáidfear an CNC agus na cáilíochtaí air chun cláir oideachais agus oiliúna a fhorbairt a mbeidh cuspóirí soiléire gairme agus / nó oideachais agus torthaí foghlama soiléire chun gur féidir roghanna eolacha gairme agus roghanna eolacha eile a dhéanamh.

Uimh.	Cur chuige	Gníomhaíocht	Tréimhse ama
1.1	Chun caighdeán agus treoirlínte CNC a fhorbairt d'fhostóirí, d'fhoghlaimoírí, do chomhlachtaí dámhachtana agus don lucht déanta beartas	Trí shraith caighdeán breisoideachais agus oiliúna a athbhreithniú Dhá shraith caighdeán ardoideachais a athbhreithniú Caighdeán nua a cheapadh, de réir mar is gá	R4 2018 R4 2018
1.2	Dámhachtainí an QQI a dhéanamh de réir ár mbeartas agus ár gcritéar	Sé cinn de thréimhsí deimhniúcháin a sholáthar, trína mbronnfar os cionn 190,000 deimhniú páipéir i 2018	R1-R4
1.3	Cáilíochtaí an CNC a chur chun cinn do gheallsealbhóirí tríd an úsáid is fearr is féidir a bhaint as cainéil chumarsáide ar líne an QQI	Bunachar sonraí cáilíochtaí na seirbhíse comhairle maidir le haithint (NARIC Éireann) a bhreisiú trí líon na Ráiteas Inchomparáide a mhéadú de 10% go 1,050	R4

Spríoc 1.2 I gcomhar le geallsealbhóirí, cinnteoidimid go n-úsáidfear an CNC agus na cáilíochtaí air chun cosáin foghlama ar feadh an tsaoil a fhorbairt don fhorbairt phearsanta, shóisialta agus ghairmiúil.

Uimh.	Cur chuige	Gníomhaíocht	Tréimhse ama
1.2.1		Feidhmiú Mholadh an Chreata Cáilíochtaí Eorpaigh 2017 a thacú ar fud na tíre, inár gcáil mar EQF-NCP ainmnithe na hÉireann	R4
1.2.2		Treoir chomparáideach do dhámhachtainí creata a tháirgeadh i gcomhpháirtíocht idir Éirinn agus an Nua-Shéalainn	R4
1.2.3	Athbhreithniú iomlán ar chur chun feidhme agus éifeachtaí an CNC	Dul i mbun oibre le geallsealbhóirí chun freagairt a thabhairt ar thorthaí Thuarascáil Measúnaithe ar Thionchar an CNC	R1

DEARBHÚ CÁILÍOCHTA

Spríoc 2 Maoirseacht a dhéanamh ar chóras feabhsaithe do dhearbhú cáilíochta atá cuimsitheach agus a chothromaíonn cuntasacht agus breisiú agus a chuireann freagracht áitiúil chun cinn.

Uimh.	Cur chuige	Gníomhaíocht	Tréimhse ama
2.1	A chinntiú gur leor ár nósanna imeachta um dhearbhú cáilíochta chun díriú ar nuáil san oideachas agus san oiliúint	Dul i mbun oibre athuair leis na Boird Oideachais agus Oilíúna ar mhaithe le nósanna imeachta dearbhaithe cáilíochta a cheadú	R2
		Dul i gcomhairle le hollscoil Náisiúnta na hÉireann chun treoirlínte a chur i dtoll a chéile ar an tslí le hathbhreithnithe a dhéanamh	R4
		Dul i mbun oibre le TEAGASC athuair chun críoch a chur le ceadú a nósanna imeachta dearbhaithe cáilíochta	R3

DEARBHÚ CÁILÍOCHTA

Uimh.	Cur chuige	Gníomhaíocht	Tréimhse ama
2.2	Cláir oideachais agus oiliúna a bhailíochtú de réir bheartas agus chritéir an QQI	Iarratais ar dhul i mbun oibre athuair le soláthraithe deonacha a phróiseáil (50 as 400 soláthraí do 2018) lena n-áirítear tuarascáil ar threoirscéim den dul i mbun oibre athuair	R1-R4
		Cód cleachtas do chéimeanna taighde a fhoilsiú	R1
		Cláir oideachais agus oiliúna a bhailíochtú mar fhreagairt ar iarratais. Iarratais a phróiseáil laistigh de 25 seachtain.	R1-R4
		Críoch a chur leis an gcomhairliúchán maidir leis an bPáipéar Uaine ar Mheasúnú agus na torthaí a bhaineann le 2019 a fhoilsiú	R4
		Próiseáil a dhéanamh (laistigh de 25 seachtaine) ar iarratais ar chlár phrintíseachta a bhailíochtú.	R1-R4
		Nósanna imeachta a chur i dtoll a chéile agus a fhoilsiú chun athbhreithniú a dhéanamh ar nósanna imeachta dearbhairthe cáilíochta SOLAS mar sholáthraí	R4
2.3	Cineálacha nua cur chuige bunaithe ar riosca i leith na monatóireachta agus an athbhreithnithe atá córasach agus comhréireach a chur chun feidhme	Céim II d'fhorbairt an Chláir Náisiúnta Rannpháirtíochta do Mhic Léinn a chur i bhfeidhm	R4
		Torthaí an dá athbhreithniú sceidealta ar institiúidí ardoideachais a fhoilsiú, mar chuid de thimthriall athbhreithnithe cáilíochta CINNTE	R3

DEARBHÚ CÁILÍOCHTA

Uimh.	Cur chuige	Gníomhaíocht	Tréimhse ama
		Torthaí an dá athbhreithniú sceidealta ar institiúidí ardoideachais a fhoilsiú, mar chuid de thimthriall athbhreithnithe cáilíochta CINNTE	R4
2.4	Dul i mbun oibre le húdaráis phoiblí agus soláthraithe chun an Marc Idirnáisiúnta Oideachais a chur i bhfeidhm	Clár oibre a fhorbairt chun an reachtaíocht bheartaithe (An Bille Cáilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Leasú)) a chur i bhfeidhm	R1-R4

CUMARSÁID AGUS FAISNÉIS

Spríoc 3 Faisnéis shoiléir, údarásach agus chuimsitheach a chur ar fáil do gheallsealbhóirí agus don phobal maidir le ról, freagrachtaí agus gníomhaíochtaí an QQI.

Uimh.	Cur chuige	Gníomhaíocht	Tréimhse ama
3.1		Ráiteas straitéise 2019-2010 an QQI a chur i dtoll a chéile	R2
3.2		Dul i mbun pleanála d'athbhreithniú an ENQA i 2019 ar dhearbhú cáilíochta	R4
3.3	Caidreamh frithpháirteach tacúil a chothú le gach ceann de gheallsealbhóirí an QQI chun feabhas a chur ar chumarsáid agus ar chomhar leo	Comhdháil idirnáisiúnta ar an Líonra Trasteorann um Dhearbhú Cáilíochta san Ardoideachas san Áise agus san Eoraip (CBQAN) a óstáil i mBaile Átha Cliath	R4
		Plean cumarsáide do gheallsealbhóirí do 2018-2020 a chur i dtoll a chéile agus a chur i bhfeidhm	R1-R4

CUMARSÁID AGUS FAISNÉIS

Uimh.	Cur chuige	Gníomhaíocht	Tréimhse ama
3.4	Caidreamh láidir oibre a fhorbairt leis na príomhearnálacha, eagraíochtaí agus comhlachtáí trí shraith Meabhrán Tuisceana.	<p>Ócáid breisithe cáilíochta ar fhoghlaim bunaithe ar an obair sa bhreisoideachas agus oiliúint a óstáil</p> <p>Seimineáir Réigiúnacha Mhúineadh an Bhéarla a óstáil mar chosán chuig an Marc Idirnáisiúnta Oideachais</p> <p>Comhdháil bhliantúil a óstáil don ghrúpa tagartha do thionscnaimh AE in oideachas agus scileanna in Éirinn</p> <p>An Meabhrán Tuisceana leis an Údarás um Ardoideachas a athbhreithniú</p>	<p>R2</p> <p>R2-R4</p> <p>R4</p> <p>R1</p>

SEIRBHÍS ARDCHAIGHDEÁIN A SHOLÁTHAR

Spríoc 4 Foireann an QQI a chumasú agus a mhisniú go réamhghníomhach chun iad féin a fhorbairt, chun bláthú agus chun díriú go hiomlán ar a gcuid oibre.

Uimh.	Cur chuige	Gníomhaíocht	Tréimhse ama
4.1	A chinntiú go dtacaíonn scileanna agus cumas aonair foireann an QQI agus na scileanna agus cumais sin i dteannta a chéile le seirbhís ardchaighdeán a chur ar fáil do sholáthraithe agus do gheallsealbhóirí	Clár d'fhorbairt eagraíochtúil a chur i dtoll a chéile agus céim a haon a chur i bhfeidhm	R1 agus R4

SEIRBHÍS ARDCHAIGHDEÁIN A SHOLÁTHAR

Spríoc 4.1 Córais, próisis agus cumais teicneolaíochta féinseirbhíse an QQI a bhreisiú chun cur le cáilíocht agus lena éifeachtaí atá an tseirbhís a chuireann sé ar fáil.

Uimh.	Cur chuige	Gníomhaíocht	Tréimhse ama
4.1.1	Córais ardchaighdeán ICT a thacaíonn le seirbhísí forbraíochta do na geallsealbhóirí uile a chur i dtoll a chéile agus a úsáid	Bunachar sonraí na gclár agus na ndámhachtainí (taobh amuigh de chlár agus dámhachtainí an QQI) a leathnú chun na hollscoileanna agus institiúidí teicneolaíochta a chur san áireamh	R2
4.1.2		Clár oibre a fhorbairt chun Córas Faisnéise Bainistíochta a chruthú chun tacú le feidhmeanna um dhearbhu cáilíochta an QQI	R4



26/27 Denzille Lane
Dublin 2
D02 P266
Ireland

t +353 1 905 8100

@QQI_connect

www.QQI.ie